

# ELeathanach307

Dé Luain 26 Samhain 2018


## Mick Mc Carthy ina bhainisteoir arís

Dé Domhnaigh sa Staid Aviva d'fhógair John Delaney go mbeidh bainisteoirí nua ag foireann sacair na hÉireann agus ag an bhfoireann faoi 21 bliain d'aois. Thuig daoine le cúpla lá anuas go raibh Mick Mc Carthy chun an post a ghlacadh mar bhainisteoir ar fhoireann sacair na hÉireann.

Bhí an post céanna aige ó 1996 go 2002, agus nuair a bhí sé ina bhainisteoir d'éirigh leis an bhfoireann áit a fháil ag Corn an Domhain. Bhí an comórtas ar siúl sa tSeapáin.

Beidh Robbie Keane agus Terry Connor ag obair le Mick Mc Carthy an uair seo agus tá súil acu go n-éireoidh leis an bhfoireann áit a fháil sa chomórtas EURO 2020.

I rith na seachtaine bhí daoine ag rá go mbeadh Stephen Kenny go maith mar bhainisteoir ar an bhfoireann. D'fhógair John Delaney go mbeidh Stephen ina bhainisteoir ar an bhfoireann faoi 21 bliain d'aois. Sa bhliain 2020 glacfaidh sé an post mar bhainisteoir ar an bhfoireann shinsearach.



## Curadh domhanda buaite ag Kellie Harrington

Is dornálaí ó Bhaile Átha Cliath í Kellie Harrington. Ag an deireadh seachtaine bhí an bua aici sa Deilí Nua san India. Bhí sí ag troid sa rannóg éadrom-mheáchain. Ciallaíonn sin go bhfuil sí thart ar 60kg. Bhí sí ag troid i gcoinne Supaporn Srisondee ón Téalainn.

Bhí ar na moltóirí an buaiteoir a roghnú. Ní raibh mórán eatarthu agus ón gcúigear moltóirí roghnaigh triúr Kellie. Mar sin, bhuaigh sí an bonn óir agus is í an curadh domhanda í sa rannóg éadrom-mheáchain.

Thosaigh an comórtas seo in 2001 agus bhuaigh Katie Taylor an bonn óir 5 huair.



## Comórtas Amhránaíochta Junior Eurovision

Bhí clár teilifíse ar siúl ar TG4 chun duine a roghnú le bheith mar ionadaí ar son na hÉireann i mbliana. Bhuaigh Taylor Hynes ó Bhaile Bhlainséir an comórtas leis an amhrán I.O.U. Chum Taylor an t-amhrán é féin.

Bhí an comórtas ar siúl i Mionsc sa Bhealarúis Dé Domhnaigh. Ar an drochuair ní raibh an bua ag Taylor. Tháinig sé sa chúigiú háit déag. Bhuaigh Roksana Węgiel ón bPolainn an comórtas.

